



An Bhruiséil, 22 Aibreán 2026  
(OR. en)

8440/26

COARM 53  
CONOP 22  
CFSP/PESC 554  
COPS 222  
INDEF 92  
EPF AM 48

## TORADH NA nIMEACHTAÍ

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: na toscaireachtaí

---

Ábhar: An 27ú Tuarascáil Bhliantúil de réir Airteagal 8(2) de Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an 27ú Tuarascáil Bhliantúil de réir Airteagal 8(2) de Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata, mar a ghlac an Chomhairle í ag an 4168ú cruinniú a bhí aici, an 21 Aibreán 2026.

**An 27ú Tuarascáil Bhliantúil de réir Airteagal 8(2) de Chomhsheasamh 2008/944/CBES  
ón gComhairle lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta  
míleata agus trealaimh mhíleata**

([Bliain]/C [tagairt])

**RÉAMHRÁ**

Cumhdaítear sa tuarascáil seo sonraí ó 2024 maidir le (i) ceadúnais deonaithe agus diúltaithe ó Bhallstáit an Aontais agus (ii) onnmhairiú gnáth-arm ó Bhallstáit an Aontais. Cumhdaítear leis freisin gníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle<sup>12</sup>, tá faisnéis neamh-uileghabhálach sa tuarascáil maidir le haistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Aontas a rialaítear le Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>3</sup>.

Is í an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a thiomsaíonn an tuarascáil, bunaithe ar shonraí a arna soláthar ag Ballstáit an Aontais. Tacaíonn an Fho-mheitheal um Onnmhairiú Gnáth-Arm (COARM) de Mheitheal na Comhairle um Neamhleathadh agus Onnmhairiú Arm le hidirphlé buan i measc na mBallstát maidir leis na comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe arm a chur i bhfeidhm go comhleanúnach.

Tá na tríú tíortha seo a leanas tar éis iad féin a ailíniú go hoifigiúil le critéir agus prionsabail Chomhsheasamh 2008/944/CBES: an Albáin, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Ceanada, an Mhacadóin Thuaidh, an tSeoirsia, an Íoslainn, Montainéagró agus an Iorua. Tá córas malartaithe faisnéise idir an tAontas agus an Iorua i bhfeidhm ó 2012 i leith.

---

<sup>1</sup> Ceangailteach ó thaobh dlí ar Bhallstáit an Aontais.

<sup>2</sup> Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99) arna leasú le Cinneadh (CBES) 2019/1560 ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2019 (IO L 239, 17.9.2019, lch. 16) agus Cinneadh (CBES) 2025/779 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 (IO L, 2025/779, 15.4.2025).

<sup>3</sup> Treoir 2009/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena simplítear téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann le cosaint laistigh den Chomhphobal (IO L 146, 10.6.2009, lch. 1).

Chomh maith leis an tuarascáil sin, is féidir sonraí maidir le honnmhairiú arm Bhallstáit an Aontais a cheadú ar líne freisin<sup>4</sup>. Tá faisnéis sa chóras ar líne maidir le luach, ceann scríbe agus cineál na gceadúnas onnmhairithe arm ó Bhallstáit uile an Aontais, agus maidir le honnmhairí iarbhir ó na Ballstáit sin de chuid an Aontais a thuairiscíonn na sonraí sin. Tá léirithe grafacha agus uirlisí éagsúla chun réimse leathan tiomsúcháin anailíseacha a chumadh ann dóibh siúd go léir a bhfuil suim acu i luach, i dtrealamh míleata agus i gceann scríbe onnmhairithe arm na hEorpa. Cé go ligeann an córas ar líne d'úsáideoirí sonraí a cheadú ar bhealach níos so-úsáidte, is í an tuarascáil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an phríomhfhoinsé faisnéise i gcónaí.

## ***I. CUR CHUN FEIDHME CHOMSHEASAMH 2008/944/CBES ('Comhsheasamh')***

### **1. Cruinnithe idirphlé pholaitiúil**

Thionóil SEGS cruinnithe idirphlé pholaitiúil leis an Iorua agus leis na Stáit Aontaithe in 2024 maidir le saincheistanna rialaithe onnmhairí arm. B'fhóram é an t-idirphlé polaitiúil le haghaidh plé tairbheach ar ábhair chomhleasa, mar shampla beartais onnmhairiúcháin maidir le cinn scríbe sonracha, saincheistanna comhlíonta agus rialaithe agus an Conradh Trádála Arm. Ina theannta sin, d'fhreastail na Stáit Aontaithe ar chruinniú de Mheitheal COARM freisin chun saincheistanna maidir le rialú ar onnmhairiú arm a phlé le Ballstáit an Aontais.

### **2. Idirphlé le páirtithe leasmhara: Parlaimint na hEorpa, an tsochaí shibhialta agus an tionsclaíocht**

D'fhreagair SEGS ceisteanna parlaiminteacha a thíolaic Feisirí de Pharlaimint na hEorpa maidir le saincheistanna onnmhairithe arm.

I gcomhréir leis an gcleachtas a bhí ann roimhe seo, eagraíodh cruinnithe de Mheitheal COARM le heintitis sheachtracha go rialta, lena n-áirítear le Ceann Roinne maidir le Rialú Onnmhairí san Ard-Stiúirthóireacht um Shlándaíl Idirnáisiúnta agus um Chomhar Míleata agus Teicniúil in Aireacht Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine, le heagraíochtaí neamhrialtasacha (mar shampla Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus Saferworld) agus le cuideachtaí (mar shampla Conflict Armament Research).

Reáchtáladh fóram COARM-NGO an 18 Aibreán 2024, arna eagrú ag Saferworld agus arna chomhóstáil ag SEGS. Thug COARM cuireadh freisin d'ionadaithe ó thionscal cosanta na hEorpa chuig a chruinnithe, agus bhí díospóireachtaí aige le rannpháirtíocht meithleacha machnaimh a bhíonn ag obair ar ábhair a bhaineann le trádáil arm (Cuibhreannas AE maidir le Neamhleathadh agus Dí-armáil).

---

<sup>4</sup> <https://webgate.ec.europa.eu/ceasgap/sense/app/75fd8e6e-68ac-42dd-a078-f616633118bb/sheet/74299ccd-7a90-4b89-a509-92c9b96b86ba/state/analysis>

### 3. For-rochtain

In Airteagal 11 den Chomhsheasamh, iarrtar ar na Ballstáit ‘a ndícheall a dhéanamh chun Stáit eile a onnmhairíonn teicneolaíocht mhíleata nó trealamh míleata a spreagadh chun critéir an Chomhsheasaimh a chur i bhfeidhm.’ [aistriúchán neamhoifigiúil]. Rinneadh rialuithe éifeachtacha náisiúnta ar onnmhairiú arm agus prionsabail agus critéir an Chomhsheasaimh a chur chun cinn i dtríú tíortha roghnaithe trí chur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2023/2539 ón gComhairle<sup>5</sup> arna chur chun feidhme ag Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú Onnmhairiúcháin (BAFA) – dá ngairtear de ghnáth Céim For-rochtana VI COARM.

Leanadh d’iarrachtaí for-rochtana an Aontais atá dírithe ar thríú tíortha freisin maidir le huiliú agus cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, le gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag BAFA agus Expertise France faoi Chinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle<sup>6</sup> (Céim For-rochtana III CTA), agus ag Rúnaíocht an Chonartha Trádála Arm faoi Chinneadh (CBES) 2021/2296 ón gComhairle<sup>7</sup>. Tá tuilleadh sonraí le fáil thíos agus in Iarscríbhinn D.

### 4. Athbhreithniú ar Chomhsheasamh 2008/944/CBES (‘Comhsheasamh’)

In 2024, lean COARM dá chuid oibre maidir le cur chun feidhme na spriocanna insoláthartha a áirítear sna Conclúidí ón gComhairle<sup>8</sup> maidir le hathbhreithniú 2019 ar an gComhsheasamh.

Ó 2022 i leith, tá bainistiú á dhéanamh ag SEGS ar bhunachar sonraí inmheánach ina bhfuil leathanaigh thíre ina bhfuil faisnéis ábhartha maidir le cinn scríbe fhéideartha agus reatha onnmhairiúcháin trealamh mhíleata na hEorpa. Tá páipéar inmheánach dea-chleachtais ann ina bhfuil gnéithe chun córas náisiúnta a fhorbairt maidir le honnmhairí iarbhír a thuairisciú. Is ag oifigigh cheadúnúcháin ó Bhallstáit an Aontais agus ag SEGS amháin atá rochtain ar an mbunachar sonraí. Tá tuilleadh cóineasaithe i gceist leis agus an Comhsheasamh á chur i bhfeidhm ag na Ballstáit.

---

<sup>5</sup> Cinneadh (CBES) 2023/2539 ón gComhairle an 13 Samhain 2023 lena dtacaítear le tionscadal maidir le rialuithe éifeachtacha ar onnmhairiú arm a chur chun cinn (IO L, 14.11.2023).

<sup>6</sup> Cinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 461, 27.12.2021, lch. 78).

<sup>7</sup> Cinneadh (CBES) 2023/2296 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2023 maidir le tacaíocht ón Aontas do gníomhaíochtaí Rúnaíocht an Chonartha Trádála Arm mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L, 24.10.2023).

<sup>8</sup> <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-12195-2019-INIT/ga/pdf>

I mír 14 de na Conclúidí ón gComhairle in 2019, chuir sí de chúram ar Mheitheal COARM athmheasúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chomhsheasaimh laistigh de 5 bliana (2024). Cuireadh tús leis an bpróiseas athbhreithniúcháin in 2022, agus leanadh leis le linn 2024, ar dtús laistigh de thrí fhócasghrúpa d'ionadaithe ó na Ballstáit, agus ina dhiaidh sin trí chaibidlíocht, laistigh de Mheitheal COARM, faoi nuashonruithe ar an gComhsheasamh agus ar an Treoir d'Úsáideoirí, agus ar Chonclúidí nua ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh maidir le rialú ar onnmhairiú arm<sup>9</sup>.

## 5. Fógraí diúltaithe agus comhairliúcháin

Foráiltear leis an gComhsheasamh go bhfógrófar diúltú ceadúnas. Foráiltear ann freisin do phróiseas comhairliúcháin nuair a bhíonn athbhreithniú á dhéanamh ag Ballstát ar iarratas ar cheadúnas le haghaidh idirbheart arb ionann é go bunúsach agus idirbheart a dhiúltaigh Ballstát eile roimhe sin. Déantar é sin tríd an gcóras COARM ar líne. Léiríodh cheana féin go dtacaíonn an córas leis an trédhearcacht idir na Ballstáit i leith tíortha sonracha is ceann scríbe deiridh agus úsáideoirí deiridh.

Áirítear i ró (d) de na táblaí in Iarscríbhinn A.I líon na ndiúltuithe ar tugadh fógra fúthu - in aghaidh an chinn scríbe agus de réir chatagóir an liosta mhíleata. Tá líon na gcomhairliúcháin arna n-eisiúint agus arna bhfáil ag gach Ballstát, agus líon na gcomhairliúcháin in aghaidh an chinn scríbe le fáil in Iarscríbhinní B.I agus B.II.

Tá cuideachtaí cosanta sna Ballstáit ar an eolas go ginearálta faoi na srianta ar bheartais onnmhairithe arm, agus de ghnáth staonfaidh siad ó iarratas a dhéanamh ar cheadúnas más eol dóibh gur dócha go ndiúltófar dó. Dá bhrí sin, ní léiríonn líon íseal diúltuithe cé chomh sriantach nó nach bhfuil an beartas onnmhairiúcháin maidir le cinn scríbe sonracha. Ar an taobh eile, is toirmisc ghinearálta iad trádhaic arm arna bhforchur ag an Aontas<sup>10</sup> chun ceadúnais a dheonú maidir leis na cinn scríbe sin.

---

<sup>9</sup> Glacadh na trí théacs an 14 Aibreán 2025: (1) Cinneadh (CBES) 2025/779 ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena leasaítear Comhsheasamh 2008/944/CBES lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú ar onnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (*IO L*, 2025/779, 15.4.2025); (2) *Treoir d'Úsáideoirí* (<https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6881-2025-INIT/ga/pdf>); (3) *Conclúidí ón gComhairle maidir le rialú ar onnmhairiú arm* (<https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7534-2025-REV-1/ga/pdf>)

<sup>10</sup> Féach an uirlis phoiblí ar líne: [Léarscáil smachtbhannaí an Aontais](#)

## 6. Treoirleabhar d'Úsáideoirí

Is príomhionstraim é an Treoirleabhar d'Úsáideoirí ina dtugtar le chéile an treoir chomhaontaithe maidir le cur chun feidhme fhorálacha oibríochtúla an Chomhsheasaimh agus an léiriú ar a chritéir. Tagraítear dó in Airteagal 13 den Chomhsheasamh. Is í Meitheal COARM a d'fhorbair é agus déantar é a nuashonrú go tréimhsiúil: bhí an nuashonrú deireanach, a rinneadh mar chuid den athbhreithniú ar an gComhsheasamh (2019), bailí le linn na bliana 2024<sup>11</sup>. Ní gníomh atá ceangailteach ó thaobh dlí é, ach d'fhorhuinigh an Chomhairle é.

Tá sé i gceist gur oifigigh um cheadúnú onnmhairiúcháin (oifigigh cheadúnúcháin agus oifigigh eile i ranna rialtais agus i ngníomhaireachtaí rialtais ábhartha) is mó a úsáidfídh an Treoirleabhar d'Úsáideoirí, rud a chuirfidh go mór le cóineasú bheartais agus nósanna imeachta na mBallstát maidir le rialú ar onnmhairiú arm ar bhealach pragmatach. D'fhonn tacú le hoibríochtú chritéir an Chomhsheasaimh, cuirtear i láthair sa Treoirleabhar dea-chleachtais arna bhforbairt ag COARM, ag tógáil ar dhea-chleachtais náisiúnta agus ionchur ó pháirtithe leasmhara ábhartha eile á chur san áireamh, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta. Is é is cuspóir dóibh comhsheasmhacht níos fearr a bhaint amach i measc na mBallstát agus critéir an Chomhsheasaimh á gcur i bhfeidhm. Baintear é sin amach, mar shampla, trí thosca a shainnithint ar gá iad a chur san áireamh agus iarratais ar cheadúnais onnmhairiúcháin á measúnú. Tá saineolas na n-oifigeach sin maidir le hábhair a chumhdaíonn saincheisteanna réigiúnacha, dlíthiúla, breithiúnacha, teicniúla, forbartha, slándála agus míleata mar bhonn eolais don phróiseas cinnteoireachta.

Is doiciméad poiblí é an Treoirleabhar atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí<sup>12</sup>. Is é is aidhm d'fhoilsiú na tuarascála trédhearcacht agus tuiscint a chothú maidir le cúiseanna agus tosca is bun le cinntí ceadúnúcháin iarbhír nó féideartha na mBallstát, cé go bhféadfadh sé nach mbeadh na cinntí féin faoi réir grinnschrúdú seachtrach.

Cuid den phróiseas athbhreithnithe ar Chomhsheasamh 2008/944 is ea an Treoir d'Úsáideoirí a thabhairt cothrom le dáta.

---

<sup>11</sup> Cuireadh téacs nuashonraithe nua ina ionad an 14 Aibreán 2025 (féach fonóta 9)

<sup>12</sup> [https://www.ecas.europa.eu/ecas/disarmament-non-proliferation-and-arms-export-control-0\\_en](https://www.ecas.europa.eu/ecas/disarmament-non-proliferation-and-arms-export-control-0_en) (ag tagairt don téacs nuashonraithe deireanach ón 14 Aibreán 2025)

## 7. Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh

Áirítear ar Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh (CML) na míreanna míleata a dteastaíonn ceadúnais onnmhairiúcháin ó na Ballstáit ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 12 den Chomhsheasamh. Is ionann é agus liosta na dtáirgí a bhaineann le cosaint atá i gceangal le Treoir 2009/43/CE.<sup>13</sup> Cuirtear san áireamh i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh na hathruithe ar Liosta Muinisin Chomhshocraíocht Wassenaar a comhaontaíodh ag cruinnithe iomlánacha na Comhshocraíochta. Foilsíodh an liosta comhchoiteann míleata is déanaí de chuid an Aontais atá in úsáid sa tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 19 Feabhra 2024,<sup>14</sup> tar éis athruithe air a comhaontaíodh ag cruinniú iomlánach Chomhshocraíocht Wassenaar an 4 agus an 5 Nollaig 2023.<sup>15</sup>

## 8. Bróicéireacht arm

I gcomhréir le hAirteagal 5 de Chomhsheasamh 2003/468/CBES ón gComhairle<sup>16</sup>, tá socrúithe ar leith curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit chun faisnéis a mhalartú maidir le ceadúnais bhróicéireachta arna ndeonú agus arna ndiúltú. Thairis sin, na Ballstáit sin a cheanglaíonn ar bhróicéirí údarú i scríbhinn a fháil chun gníomhú mar bhróicéirí agus/nó a bhfuil clár bróicéirí arm bunaithe acu, tá socrúithe ar leith curtha i bhfeidhm acu chun faisnéis ábhartha ar bhróicéirí cláraithe a mhalartú. Is féidir faisnéis faoi cheadúnais bhróicéireachta a fháil in Iarscríbhinn A.III.

Tugtar faisnéis mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme náisiúnta Chomhsheasamh 2003/468/CBES in Iarscríbhinn C.

---

<sup>13</sup> Glacadh an liosta reatha de tháirgí a bhaineann le cosaint le Treoir Tharmligthe (AE) 2023/277 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2022 (IO L 42, 10.2.2023, lgh. 1-39). Chun Iarscríbhinn Threoir 2009/43/CE a ailíniú leis an Liosta Comhchoiteann Míleata nuashonraithe an 20 Feabhra 2023, foilseofar Treoir Tharmligthe ina léireofar na nuashonruithe faoi dheireadh 2023.

<sup>14</sup> *IO C, C/2024/1945, 1.3.2024*

<sup>15</sup> Chun mionsonraí a fháil, féach: <https://www.wassenaar.org/>

<sup>16</sup> Comhsheasamh 2003/468/CBES ón gComhairle an 23 Meitheamh 2003 maidir le rialú ar bhróicéireacht arm (IO L 156, 25.6.2003, lch. 79).

## **II. AN CONRADH TRÁDÁLA ARM (CTA)**

### **1. Rannpháirtíocht in CTA: Comhdháil na Stát is Páirtithe**

Mar a tharla le Comhdhálacha Stát is Páirtithe a bhí ann roimhe seo, bhí páirt ghníomhach ag an Aontas agus a Bhallstáit sa timthriall ullmhúcháin ar fad agus sa deichiú heagrán de Chomhdháil na Stát is Páirtithe (an 19-23 Lúnasa 2024) inar leagadh béim ar an gcomhar idirghníomhaireachta, mar théama tosaíochta d'Uachtaránacht na Rómáine.

Ar an ábhar sin, mhol Comhdháil na Stát is Páirtithe an méid seo a leanas do na Stáit is Páirtithe: (i) taithí a chomhroinnt ar na bealaí agus sna formáidí uile arna mbeartú sa Chonradh, lena n-áirítear trí na treoirdhoiciméid dheonacha maidir le cur chun feidhme an Chonartha atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta; (ii) comhar idirghníomhaireachta a áireamh i gcláir oibre mheithleacha agus fhoghrúpaí na gConarthaí; (iii) breithniú a dhéanamh ar pháipéar deonach a fhorbairt do Stáit a bhfuil suim acu córais náisiúnta a fhorbairt; agus (iv) tacú le fothú acmhainneachta sa chomhar idirghníomhaireachta tríd an gCiste Iontaobhais Deonach agus cineálacha eile oiliúna.

Tá na moltaí maidir le Cur Chun Feidhme an Chonartha glactha ag na Stáit is Páirtithe freisin, lena n-áirítear na caibidlí atá fágtha den Treoir Dheonach maidir le cur chun feidhme Airteagail 6 agus 7.

Bhí seisiún tuairimíochta ag Comhdháil na Stát is Páirtithe maidir le huiliú an Chonartha agus d'fhorghuinigh sí fócas na n-iarrachtaí uilithe ar réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise.

Maidir le trédhearcacht agus tuairisciú, ghlac Comhdháil na Stát is Páirtithe moltaí chun úsáid na sásraí um chúnadh atá ar fáil a chur chun cinn, lena n-áirítear chun tacú leis an tionscadal maidir le fothú acmhainneachta arna chistiú ag an Aontas arna chur chun feidhme ag Rúnaíocht CTA agus le tionscnamh 'na gcuradh tuairiscithe réigiúnacha'. Bhí imní ar na Stáit maidir le laghdú ar rátaí tuairiscithe, treocht ar cúis imní é; cuireadh 57 % de na tuarascálacha bliantúla isteach in 2023, níor thuairiscigh Stát amháin as gach cúig de na Stáit is Páirtithe riamh, agus maidir leis na Stáit sin a thuairiscíonn, níor chuir ach 23 % díobh a dtuarascálacha tosaigh ar fáil don phobal, rud a fhágann, ag féachaint ar chuspóirí an Chonartha, gur cuspóir i bhfad uainn an trédhearcacht a bhaint amach.

Mhol an Chomhdháil freisin go ndéanfaí tuilleadh plé faoi chleachtais náisiúnta maidir le foréigean inscnebhunaithe a chosc agus a ghleic i meithleacha CTA (a mbeidh pointe fócasach inscne ag gach ceann acu), agus d'iarr sí go ndéanfaí machnamh ar bhunachar sonraí acmhainní a bhunú laistigh de shuíomh gréasáin CTA.

Le linn na Comhdhála, bhí an tAontas i láthair agus an-infheicthe; thug sé seacht ráiteas maidir leis na hábhair uile (ábhar na huachtaránachta — comhar idirghníomhaireachta, díospóireacht ghinearálta, cur chun feidhme éifeachtach na gconarthaí, uiliú, trédhearcacht agus tuairisciú, Rúnaíocht, ranníocaíochtaí airgeadais), leag sé béim ar a thacaíocht láidir do chur chun feidhme agus d'uiliú éifeachtach CTA, agus d'iarr sé ar na Stáit uile staonadh ó airm a aistriú chuig an Rúis. Tríd is tríd, aithníodh ról suntasach an Aontais sa Chonradh, go príomha ag tíortha a bhain tairbhe as cláir for-rochtana agus Rúnaíocht CTA a chuireann tionscadail arna gcistiú ag an Aontas chun feidhme. Ina theannta sin, rinne sé urraíocht ar dhá imeacht ar an imeall: (1) imeacht amháin maidir le Clár Tacaíochta Cur Chun Feidhme CTA an Aontais, arna heagrú ag a ghníomhairí cur chun feidhme – Expertise France agus Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú Onnmhairiúcháin (BAFA) agus (2) imeacht eile faoin gcóras bailíochtaithe um bainistiú arm agus armlón, tionscadal Aontasmhainithe arna chur chun feidhme ag Lárionad Idirnáisiúnta na Ginéive um Dhímhianú Daonnúil – Foireann Chomhairleach um Bainistiú Arm.

## 2. Clár Tacaíochta Cur Chun Feidhme CTA an Aontais

Sa bhreis ar a theacht i bhfeidhm 10 mbliana ó shin agus le 116 Stát is Páirtí ann go dtí seo<sup>17</sup>, tá dúshlán fós ann don Chonradh Trádála Arm maidir lena uiliú agus lena chur chun feidhme éifeachtach ag Stáit is Páirtithe.

Chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin, leanann an tAontas de chistiú a thabhairt do chlár tacaíochta cur chun feidhme do thríú tíortha<sup>18</sup>. Tá an clár seo á chur chun feidhme ag Oifig Cónaidhme na Gearmáine um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Rialú ar Onnmhairiú (BAFA) agus Expertise France. Déantar foráil ann do chúnamh do thríú tíortha, arna iarraidh sin dóibh, chun a gcórais aistrithe arm a neartú i gcomhréir le ceanglais an Chonartha. Tá sonraí na ngníomhaíochtaí in 2024 ar fáil in Iarscríbhinn D.

## 3. Tacaíocht do Rúnaíocht CTA

Le glacadh Chinneadh (CBES) 2023/2296 ón gComhairle<sup>19</sup>, chomhaontaigh an Chomhairle tacú le Rúnaíocht an Chonartha Trádála Arm ina cuid gníomhaíochtaí atá dírithe ar chur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm. Tá an cinneadh sin i gcomhréir le cuspóir beartais ginearálta an Aontais an creat iltaobhach a neartú, lena n-áirítear i réimse an rialaithe ar onnmhairiú arm. Tá sonraí na ngníomhaíochtaí in 2024 ar fáil in Iarscríbhinn D.

---

<sup>17</sup> Deireadh 2024

<sup>18</sup> Cinneadh (CBES) 2021/2309 ón gComhairle an 22 Nollaig 2021 maidir le gníomhaíochtaí for-rochtana de chuid an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 461, 27.12.2021, lch. 78).

<sup>19</sup> Cinneadh (CBES) 2023/2296 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2023 maidir le tacaíocht ón Aontas do gníomhaíochtaí Rúnaíocht an Chonartha Trádála Arm mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L, 24.10.2023).

### **III. TREOIRLÍNTE TOSAÍOCHTA LE hAGHAIDH COARM DON TRÉIMHSE GO LUATH AMACH ANSEO**

In 2025, dhéanfaidh COARM, *inter alia*, an méid seo a leanas agus sa bhreis ar a chúraimí buana:

- leanúint den athbhreithniú ar Chomhsheasamh 2008/944/CBES an 8 Nollaig 2008 lena sainítear comhrialacha lena rialaítear rialú na n-onnmhairí ar theicneolaíocht agus trealamh míleata nuair a ghlacfaidh an Chomhairle Comhsheasamh nuashonraithe agus an Treoir Úsáideora a bhaineann leis, mar aon leis na Conclúidí ón gComhairle;
- an Comhsheasamh athbhreithnithe agus an cúram a eascraíonn as na Conclúidí ón gComhairle maidir le rialú ar onnmhairiú arm a chur chun feidhme;
- modhanna oibre feabhsaithe Mheitheal COARM a ghlacadh agus a chur chun feidhme;
- prionsabail agus sásraí a ghlacadh chun aistriú agus onnmhairiú trealaimh mhíleata nó teicneolaíochta míleata laistigh den Aontas a eascraíonn as comhar idir-rialtasach agus/nó tionsclaíoch, arna gcómhaoiniú ag Ballstáit rannpháirteacha an Aontais agus/nó arna bhfóirdheonú ag cistí an Aontais, a éascú;
- leanúint de chomhordú a dhéanamh ar an tacaíocht don Úcráin chun atreorú mionarm agus arm éadrom a chosc. Dhéanfaí an méid sin trí phlé neamhfhoirmiúl rialta idir Ballstáit agus institiúidí an Aontais ar imeall chruinnithe de Mheitheal COARM, agus trí mhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Cinntí gaolmhara ón gComhairle (CBES);
- measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag Breithiúnas CBAE C-351/22 (*Neves*) do chreat dlíthiúil an Aontais maidir le rialú ar onnmhairiú arm;
- maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláisail ‘gan ath-onnmhairiú chuig an Rúis’: Airteagal 12g de Rialachán Uimh. 833/2014 ón gComhairle;
- i gcás inarb iomchuí, páirt a ghlacadh i gcosaint agus i neartú na gcóras iltaobhach rialaithe onnmhairí.

leanfaidh Meitheal COARM de theagmháil ghníomhach a dhéanamh le grúpaí ábhartha eile chun nascadh le réimsí oibre cóngaracha, lena n-áirítear an Mheitheal um Earraí Dé-Úsáide.

#### ***IV. BEARTA CÚNAIMH NA SAORÁIDE EORPAÍ SÍOCHÁNA***

Ceithre bliana tar éis bhunú na Saoráide Eorpaí Síochána, tá cur chun feidhme bhearta cúnaimh na Saoráide Eorpaí Síochána ag céim ina bhfuil na tacaíochtaí a cinneadh faoi lán seoil agus a bhfuil torthaí nithiúla orthu. Le ról déach na Saoráide maidir le cúnaimh míleata a sholáthar do thríú tíortha chomh maith le costais chomhchoiteanna mhisin agus oibríochtaí míleata CBSC a mhaoiniú, treisíodh ollstruchtúir slándála réigiúnacha agus dreasaíodh tríú stáit le feabhas a chur ar a gcomhpháirtíochtaí leis an Aontas agus le comhar a dhéanamh i réimse comhoibriú na gcuspóirí comhroinnte beartais slándála.

Tá raon feidhme domhanda ag an tSaoráid Eorpach Síochána agus cuireann sí tacaíocht ar fáil i gcúrsaí míleata agus cosanta do roinnt réigiún ar domhan d'fhonn coinbhleachtaí a chosc, an tsíocháin a chaomhnú, an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta a neartú, agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn. An 31 Nollaig 2024, bhí bearta cúnaimh glactha mar thaca le 26 chomhpháirtí.

Ar an iomlán, tá an tSaoráid Eorpach Síochána tar éis rannchuidiú le seasamh an Aontais mar sholáthraí slándála iontaofa ar fud an domhain a neartú agus feabhas a chur ar infheictheacht an Aontais sna tíortha comhpháirtíochta sin. Cuireann an tSaoráid Eorpach Síochána tacaíocht oibríochtúil nithiúil ar fáil agus, i gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag éirí níos iomaíche, cuidíonn sí leis an Aontas é féin a chur chun cinn mar chomhpháirtí iontaofa atá in ann torthaí a bhaint amach go réasúnta tapa, agus úinéireacht láidir áitiúil á cothú ag an am céanna.

In go leor cásanna, bhí an tacaíocht ón tSaoráid Eorpach Síochána ina chúis le plé níos nithiúla leis na tíortha comhpháirtíochta maidir lena riachtanais i réimse na forbartha cosanta, lena n-áirítear tionscadail claochlaithe cosanta, agus tá sí tar éis feachtas staide an Aontais maidir le hullmhacht cosanta comhpháirtithe roghnaithe a dhoimhniú. Chuir an tacaíocht ón tSaoráid freisin le malartú níos doimhne le Ballstáit an Aontais agus comhpháirtithe idirnáisiúnta ar an láthair agus chuir sí le plé le ECAT agus le Coimisiún an Aontais Afracaigh, i gcásanna inarbh ábhartha.

Tá anailís ar íogaireacht agus comhthéacs coinbhleachta, mar aon le measúnuithe riosca agus tionchair, forálacha faireacháin agus coimirce agus bearta maolaitheacha, de réir mar is iomchuí, ag gabháil le gach togra ón Ardionadaí le haghaidh bearta cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána, lena n-áirítear i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Is é is aidhm do na bearta comhtháite sin a áirithiú go gcomhlíonfaidh cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus creat an Aontais maidir le rialú ar onnmhairiú arm. I gcás ina bhfuil a oibleagáidí á sárú ag tairbhí, is féidir leis an gComhairle cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, mar a tharla i Mailí agus sa Nígir.

*Forléargas ar na bearta cúnamh faoin tSaoráid Eorpach Síochána a glacadh go dtí an 31 Nollaig 2024*

## **1. Bearta Cúnamh a théann chun tairbhe do chomhpháirtithe san Afraic**

### **1.1. Bearta cúnamh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach**

An 21 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/667 maidir leis an dara beart cúnamh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach, don tréimhse 2022-2024 (AM/GP-AU 2022-2024) an uair seo, le méid tagartha airgeadais EUR 600 milliún ar dtús. Ina theannta sin, aistríodh EUR 4 mhilliún ón mbeart cúnamh atá ar fionraí chun tacú le fórsaí armtha Phoblacht Mhailí i gcomhar le Misean Oiliúna an Aontais Eorpaigh i Mailí chuig an gclár.

An 22 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2034, lena gceadaítear an beart cúnamh seo a bheith i bhfoirm clár ginearálta chun gníomhaíochtaí arna bhformheas ag an gCoiste Polaitiúil agus Slándála a mhaoiniú faoin 31 Nollaig 2025, rud a fhágann gur féidir na cistí atá fágtha a leithdháileadh ar feadh bliain amháin eile ná mar a rabhthas ag súil leis ar dtús.

An 31 Nollaig 2024, b'ionann glaonna ar ranníocaíochtaí agus EUR 135 mhilliún in 2022, EUR 106 mhilliún in 2023 agus EUR 134,8 milliún.

Ar bhonn moltaí ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, d'fhorghabh an Coiste Polaitiúil agus Slándála trí ghníomhaíocht faoin mbeart cúnamh sin in 2022, trí ghníomhaíocht in 2023, agus trí ghníomhaíocht eile in 2024.

### **1.1.1. Tacaíocht do Mhisean Aistrithe an Aontais Afracaigh sa tSomáil**

Sa bhreis ar an tacaíocht a cinneadh roimhe seo in 2021-2023, d'fhorghas an Coiste Polaitiúil agus Slándála, an 16 Aibreán 2024, gníomhaíocht chun tacú leis an ngné mhíleata de Mhisean Aistrithe an Aontais Afracaigh sa tSomáil don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024 ar fiú EUR 70 milliún í. Bhí sé d'aidhm ag an ngníomhaíocht sin, agus ag na gníomhaíochta roimhe, a chur ar chumas na gné míleata de Mhisean Aistrithe an Aontais Afracaigh sa tSomáil a shainordú a chomhlíonadh, agus béim á leagan ar fhreagrachtaí slándála a aistriú de réir a chéile chuig Fórsaí Slándála na Somáile, i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSCR) agus le Plean Aistrithe na Somáile.

An cineál tacaíochta: liúntais do thrúpaí ó Uganda, an Bhurúin, an Chéinia, Djibouti, agus an Aetóip, liúntais chothaithe misin d'oifigigh ardchéime, agus cúiteamh báis agus míchumais.

### **1.1.2. Tacaíocht d'Arm Náisiúnta na Somáile**

Sa bhreis ar an tacaíocht a cinneadh roimhe seo in 2021 (SNA II) agus 2023 (SNA III) d'fhorghas an Coiste Polaitiúil agus Slándála, an 16 Aibreán 2024, an tríú gníomhaíocht (SNA IV) chun tacú le hArm Náisiúnta na Somáile dar luach EUR 40 milliún. Is é is aidhm don ghníomhaíocht cúnaimh breise a thabhairt d'Arm Náisiúnta na Somáile maidir le soláthar trealamh nach bhfuil ceaptha chun fórsa marfach a thabhairt chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sa trealamh is gá chun oibríochtaí reatha i gcoinne al-Shabaab a choinneáil ar bun agus a mhéadú. Is é an cuspóir foriomlán acmhainneachtaí agus cumais mhíleata agus chosanta Rialtas Cónaidhme na Somáile a neartú agus tacú leis an gcomhar idir an tAontas agus Rialtas Cónaidhme na Somáile i réimse na slándála agus na cosanta.

An cineál tacaíochta: trealamh aonair agus comhchoiteann le haghaidh aonaid tosaíochta de huid Arm Náisiúnta na Somáile, tacaíocht chun beairicí, saoráidí oiliúna, ospidéal mhíleata agus suiteálacha criticiúla eile a thógáil agus a athchóiriú ar fud na Somáile chun acmhainneacht agus cumas an fhórsa ina iomláine a fheabhsú agus chun agaí freagartha le linn oibríochtaí a fheabhsú. Armlón traenála.

### 1.1.3. Tacaíocht don Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta i gcoinne Boko Haram

Sa bhreis ar an tacaíocht a cinneadh roimhe seo in 2021 (MNJTF 2022) agus 2023 (MNJTF 2023-2024) d'fhorghabh an Coiste Polaitiúil agus Slándála, an 13 Samhain 2024, an tríú gníomhaíocht (MNJTF 2025) chun tacú le MNJTF dar luach EUR 30 milliún. Cuireann an tacaíocht atá beartaithe le comhar seanbhunaithe an Aontais le Coimisiún an Aontais Afracaigh, leis an gCoimisiún um Imchuach Loch Shead agus le MNJTF agus fágann sí gur féidir leanúint den chúnaimh a chuirtear ar fáil faoi láthair trí Choimisiún an Aontais Afracaigh faoin tSaoráid Eorpach Síochána go dtí an 31 Nollaig 2026. Tá an tAontas fós ar an ranníocóir is mó leis an Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta le tacaíocht EUR 40 milliún don bhliain 2024. Tá sé léirithe go raibh an tacaíocht ón Aontas ríthábhachtach chun feabhas a chur ar chumais an Tascfhórsa Chomhpháirtigh Ilnáisiúnta, ar a fhreagrúlacht agus ar a chomhordú i measc a mheithleacha. Roinnt uaireanta, mhol Coimisiún an Aontais Afracaigh agus an Coimisiún um Imchuach Loch Shead an chomhpháirtíocht chuiditheach agus an dea-chomhar idir an tAontas Eorpach agus an Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta sa chomhrac i gcoinne Boko Haram. Go háirithe, tá tacaíocht an Aontais don Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta ríthábhachtach chun go mbeidh an fórsa in ann a bheith oibríochtúil ar an láthair agus a shainordú a chomhlíonadh trí rannchuidiú lena acmhainneachtaí a neartú, go háirithe sna réimsí seo a leanas: (i) oibríochtaí míleata a phleanáil agus a chomhordú; (ii) faisnéis, faireachas agus taiscéalaíocht (ISR); (iii) trúpaí a chosaint le linn oibríochtaí; (iv) tacaíocht leighis; (v) soghluaisteacht mhuirí, aeir agus talún; (vi) oiliúint maidir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus comhlíonadh na ndlíthe sin.

An cineál tacaíochta: tacaíocht airgeadais don fhoireann mhíleata agus shibhialtach. Tacaíocht do ghníomhaíochtaí agus do sheirbhísí a bhaineann le comhordú leighis, iompair agus teaghlaigh shibhialta. Oiliúint a chur ar shaighdiúirí MNJTF in oibríochtaí in aghaidh gaireas pléascach seiftithe agus oibríochtaí frithdhrón, tarrtháil comhraic, agus anailís agus léirmhíniú sonraí. Seachadadh 4 chóras ladrann agus ionsamhlóir chun oiliúint a chur ar dhaoine in oibríochtaí eiltle drón agus frithdhrón.

### 1.1.4. Tacaíocht d'Fhórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile (G5SJF)

Le linn phlé na Comhairle Gnóthaí Eachtracha maidir leis an tSaiheil an 19 Feabhra 2024, mhol an tArdionadaí cur chuige polaitiúil an Aontais maidir leis an tSaiheil a oiriúnú, lena n-áirítear tacaíocht an Aontais do G5 na Saiheile a oiriúnú chun an *acquis* a dhaingniú agus deireadh a chur lena ghné réigiúnach. Dá bhrí sin, rinneadh an tacaíocht d'Fhórsa Comhpháirteach G5 na Saiheile a cinneadh i mí na Nollag 2021 a atreorú chun tairbhe fhórsaí slándála Shead agus na Máratáine. Ní mór dlúthfhairéachán a dhéanamh ar éabhlóid na staide polaitiúla i Sead i bhfianaise na dtoghchán parlaiminteach agus áitiúil atá ar na bacáin, agus ar na forbairtí is déanaí maidir le comhar cosanta leis an Rúis toisc go bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar an tacaíocht ón tSaoráid Eorpach Síochána.

An cineál tacaíochta: gairis theicniúla, oibreacha bonneagair, acmhainneacht cothabhála.

### **1.1.5. Tacaíocht do Mhisean SADC i Mósaimbíc (SAMIM)**

An 8 Nollaig 2022, d'fhorghas an Coiste Polaitiúil agus Slándála gníomhaíocht chun tacú le Misean Chomhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice (SADC) i Mósaimbíc (SAMIM)<sup>20</sup> dar luach EUR 15 mhilliún.

Is éard a bhí i gceist leis an ngníomhaíocht trealamh a sholáthar chun tacú leis an ngné mhíleata de SAMIM atá imscartha i gcúige Cabo Delgado i Mósaimbíc, lena n-áirítear sócmhainní soghluaisteachta, gairis theicneolaíocha agus trealamh leighis, chomh maith le comhpháirt bhonneagair chun feabhas a chur ar dhá bhunáit oibriúcháin tosaigh (FOBanna).

Ag deireadh mhí Eanáir 2024, dhearbhaigh Rúnaí Feidhmiúcháin SADC go poiblí go dtarraingeodh SAMIM siar de réir a chéile faoin 15 Iúil 2024.

I gcomhthéacs a tharraingthe siar, thug SAMIM an trealamh uile a bhí fágtha a soláthraíodh trí thacaíocht ón tSaoráid Eorpach Síochána d'Fhórsaí Armtha Mhósaimbíc lena úsáid amach anseo, i gcomhréir leis an moladh ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála (11772/22) maidir le tacaíocht do Mhisean SADC i Mósaimbíc (SAMIM) faoin mBeart Cúnaimh i bhfoirm Clár Ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022-2024.

An cineál tacaíochta: daingin champa agus coimeádáin stórála, trealamh leighis, sócmhainní soghluaisteachta, chomh maith le feistí teicneolaíochta.

## **1.2. Bearta Déthaobhacha Cúnaimh san Afraic**

### **1.2.1. Mailí**

Tá an beart cúnaimh chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht Mhailí i gcomhar le Misean Oilíúna an Aontais Eorpaigh i Mailí (EUTM Mali) fós ar fionraí go hiomlán mar a chinn an Coiste Polaitiúil agus Slándála an 30 Bealtaine 2023. Leis sin, bhíothas in ann na cistí gaolmhara a úsáid le haghaidh bearta cúnaimh eile in 2023, go háirithe i mBeinin, i nGána agus chun tacú le hArm Náisiúnta na Somáile.

An cineál tacaíochta: níor seachadadh aon trealamh ná bonneagar.

---

<sup>20</sup> Tá pearsanra do SAMIM á chur ar fáil ag 10 gcinn den 16 Bhallstát de SADC: Angóla, an Bhotsuáin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Leosóta, an Mhaláiv, an Namaib, an Afraic Theas, an Tansáin, an tSaimbia agus an tSiombáib, agus trúpaí comhraic á gcur ar fáil ag an mBotsuáin, Leosóta, an Afraic Theas agus an Tansáin.

### **1.2.2. Mósaimbíc**

Tar éis bhunú EUTM Mhósaimbíc an 12 Iúil 2021, d'fhorbair an Chomhairle beart práinneach EUR 4 mhilliún an 30 Iúil 2021, agus an 19 Samhain 2021 ghlac sí Cinneadh (CBES) 2021/2032 lena mbunaítear beart cúnaimh EUR 40 milliún chun tacú le cúig aonad mhíleata arna gcur faoi oiliúint ag EUTM Mhósaimbíc. An 21 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/668 maidir le méid tagartha an bhirt cúnaimh a mhéadú EUR 45 mhilliún chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais an aon aonaid déag ar fad atá le hoiliúint. Is ionann an tacaíocht iomlán do Mhósaimbíc faoin mbeart cúnaimh sin agus EUR 89 milliún.

Leis an tacaíocht sin, bhí na haonaid thuasluaite in ann na hacmhainneachtaí riachtanacha agus inbhuanaithe a fhorbairt chun sábháilteacht agus slándáil a athbhunú i gcúige Cabo Delgado i dtuaisceart Mhósaimbíc, rud a d'fhág go raibh gníomhaireachtaí cuntasacha forfheidhmithe dlí ann chun an pobal sibhialta a chosaint, agus chun struchtúir chuntasacha Stáit a sholáthraíonn a gcuid seirbhísí ar fud Cabo Delgado a thabhairt ar ais. Soláthraítear trealamh go heisiach d'aonaid a gcuireann EUTM Mhósaimbíc oiliúint orthu.

An cineál tacaíochta: trealamh pearsanta agus comhchoiteann, sócmhainní soghluaisteachta ar talamh, feistí teicniúla agus ospidéal machaire.

### **1.2.3. Ruanda**

An 1 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2354 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh chun tacú le himscaradh Fhórsa Cosanta Ruanda (RDF) chuig Mósaimbíc le méid tagartha airgeadais EUR 20 milliún. An 18 Samhain 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2880 ón gComhairle chun leanúint den tacaíocht sin ar feadh bliain amháin eile le EUR 20 milliún breise.

Is fianaise í an tacaíocht sin ón tSaoráid Eorpach Síochána ar thacaíocht an Aontais do 'réitigh ón Afraic ar fhadhbanna na hAfraice' agus ar ionchur nithiúil lecomhrac domhanda na sceimhlitheoireachta.

Arna iarraidh sin d'údaráis Mhósaimbíc, agus chun tarraingt siar SAMIM a chúiteamh go páirteach, tá Ruanda tar éis dhá chathghrúpa RDF bhreise a imscaradh agus tá a limistéar oibríochtaí méadaithe aige. Faoi láthair, cumhdaítear ceantair Palma, Mocimboa da Praia, Macomia agus Ancuabe le himscaradh Ruanda.

Tá méadú ag teacht ar líon na n-ionsaithe atá á ndéanamh ag ceannaircigh ó tharraing SAMIM siar. Dá bhrí sin, tagann láithreach bhreise RDF ag tráth cinniúnach ó thaobh folús slándála a sheachaint, ag tógáil ar an dul chun cinn suntasach atá déantago dtí seo. Is minic a mholann údaráis Mhósaimbíc an tacaíocht faoin tSaoráid Eorpach Síochána d'imscaid RDF in Cabo Delgado.

Is é is cuspóir don bheart cúnamh tacú leis na costais bhreise a bhaineann le himscaradh leanúnach aonaid RDF i gcúige Cabo Delgado go tuaisceart Mhósaimbíc chun cur leis na buanna críochacha agus oirbheartaíochta atá bainte amach acu go dtí seo, agus chun an méid sin a chosaint agus a choinneáil. Ba cheart go n-áiritheofaí leis sin slándáil agus cosaint na sibhialtach i gcúigí thuaidh Mhósaimbíc, agus go n-éascófaí filleadh gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus filleadh struchtúr cuntasach eile stáit lena soláthraítear seirbhísí ar mhaithe leis an bpobal.

Leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil faoin mbeart cúnamh sin, rannchuidítear le costais a chumhdach a bhaineann le fearais trealamh bhunúsaigh aonair a fháil do shaighdiúirí<sup>21</sup> agus le maoiniú aeriompair trúpaí, soláthairtí agus trealamh a bhfuil baint dhíreach acu le hoibríochtaí RDF in Cabo Delgado.

An cineál tacaíochta: trealamh pearsanta agus comhchoiteann, tacaíocht airgeadais chun costais a bhaineann leis an aeraistriú straitéiseach a chumhdach.

#### **1.2.4. An Nígir**

An 18 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1236 maidir le beart cúnamh chun tacú le Fórsaí Armtha na Nígre, le méid tagartha airgeadais EUR 25 milliún.

An 7 Márta 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/509 le haghaidh beart cúnamh chun tacú le Fórsaí Armtha na Nígre i gcomhar le Misean Comhpháirtíochta Míleata an Aontais Eorpaigh sa Nígir (EUMPM) sa Nígir, le méid tagartha airgeadais EUR 40 milliún.

An 10 Meitheamh 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1136 maidir le beart cúnamh chun tacú le Fórsaí Armtha na Nígre le trealamh míleata atá ceaptha chun fórsa marfach a thabhairt, le méid tagartha airgeadais EUR 4.7 milliún. An lá céanna, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1137 maidir le beart cúnamh chun gníomhaíochtaí breise a mhaoiniú a chomhlánaíonn soláthar trealamh mhíleata d'Fhórsaí Armtha na Nígre, le méid tagartha airgeadais EUR 0.3 milliún.

---

<sup>21</sup> Teoranta d'earraí nach bhfuil ar an Liosta Comhchoiteann Míleata faoin dara céim den tacaíocht a glacadh an 18 Samhain 2024.

Ba é cuspóir foriomlán na mbeart cúnaimh sin athléimneacht agus cumais Fhórsaí Armtha na Nígre a neartú chun iomláine chríochach agus ceannasacht na Nígre a chosaint agus chun an pobal sibhialta a chosaint ar bhealach níos fearr ar an mbagairt sceimhlitheoireachta atá ag dul i méid.

Tar éis an *coup* a bhí sa Nígir i mí Iúil 2023, chinn an tArdionadaí na bearta cúnaimh sin a chur ar fionraí go sealadach.

An cineál tacaíochta: níor tugadh aon trealamh ná bonneagar don Nígir faoi na bearta cúnaimh sin.

### **1.2.5. An Mháratáin**

An 1 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2355 maidir le beart cúnaimh chun tacú le Fórsaí Armtha na Máratáine, le méid tagartha airgeadais EUR 12 mhilliún. An 22 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/2015 maidir leis an dara beart cúnaimh a théann chun tairbhe d'Fhórsaí Armtha na Máratáine.

Tá sé d'aidhm ag beart cúnaimh 2022 tacú le Fórsaí Armtha na Máratáine (MAF) agus iad ag iarraidh freagairt níos fearr ar na bagairtí slándála atá os comhair na Máratáine agus an réigiúin. Chuige sin, tá sé d'aidhm aige feabhas a chur ar acmhainneachtaí míleata dhá chathlán réamh-shainaitheanta de MAF (*Bataillon des fusiliers marins of Rosso agus Bataillon des fusiliers de l'air*), chomh maith le hacmhainneachtaí leighis *in situ* MAF ar an teorainn le Mailí agus leis an Sahára Thiar (ionaid leighis mhíleata i Réigiúin Mhíleata 2 agus 3).

Is é is cuspóir do bheart cúnaimh 2024 tacú le hacmhainneachtaí faireachais agus díspreagtha talún agus muirí na Máratáine, agus cosaint chríoch náisiúnta agus uiscí teorann na Máratáine a fheabhsú. Cuideoidh sé freisin le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar muir a chomhrac a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de shlándáil agus d'údarás na Máratáine, agus ar an gcaoi sin cuidiú leis an Máratáin a choinneáil cobhsaí, agus dálaí slándála níos fearr a chur ar fáil don phobal sibhialta sa tír agus sa réigiún.

An cineál tacaíochta: dróin, báid patróil righne buacachta, dugaí snámhacha, trealamh muirí eile agus raidiúnna; trealamh cosanta pearsanta (spéaclaí oíche, caibinéid mhaighnéadacha do na spéaclaí oíche, clogaid chosanta, veisteanna piléardhíonacha agus iompróirí pláta); agus trealamh leighis (lena n-áirítear dhá fheithicil oibríochtúla le feidhmiú mar otharchairr, trealamh máinliachta agus dianchúraim).

### 1.2.6. Gána

Ghlac an Chomhairle dhá bheart cúnaimh (Iúil 2023 agus Aibreán 2024) chun tacú le Fórsaí Armtha Ghána chun iarmhairtí na bagartha sceimhlitheoireachta ó réigiún na Saiheile a chosc, ar fiú EUR 33.5 milliún iad agus atá á gcur chun feidhme faoi láthair.

Tá an tacaíocht ón tSaoráid Eorpach Síochána mar chuid de na hiarrachtaí chun an caidreamh idir an tAontas agus Gána a threisiú. Athdhearbhaíonn sí tiomantas an Aontais don tsíocháin agus don chobhsaíocht san Afraic Thiar, agus Gána ina chomhpháirtí tábhachtach ina leith sin. Meastar gur spreagadh athrú ó bhonn leis an tSaoráid Eorpach Síochána, go háirithe nuair a cuireadh ar fáil 105 fheithicil a d'urghabh Oibríocht EUNAVFOR MED IRINI i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus is treise cáil an Aontais mar chomhpháirtí slándála iontaofa mar gheall uirthi, trí thacaíocht riachtanach ar fáil do na fórsaí armtha. Ar an gcaoi chéanna, reáchtáladh searmanas aistrithe le haghaidh trealamh arna mhaoiniú ag an tSaoráid Eorpach Síochána (trealamh innealtóireachta trom, báid) an 26 Feabhra 2025, i láthair Aire Cosanta Ghána, an Chomhairleora Slándála Náisiúnta agus Ambasadóir an Aontais. A bhúí freisin leis an tacaíocht a cuireadh ar fáil faoin tSaoráid Eorpach Síochána, is é an tAontas anois an príomh-chomhpháirtí slándála agus cosanta atá ag Gána. Tá rath na Saoráide Eorpaí Síochána ag brath ar a cur chuige saincheaptha atá bunaithe ar chomhpháirtíocht, rud a chruthaigh muinín agus iontaoibh idir an tAontas agus Gána.

An cineál tacaíochta: feithiclí míleataithe, íomhánna, trealamh innealtóireachta troime (meaisín grádóra, lódaire rotha, lódaire cúlghrafóige, agus trucail dumpála), trealamh diúscartha ordanáis phléascaigh, trucail dumpála, báid mhear-imscartha, báid infhillte agus móitair transaim.

### 1.2.7. Poblacht Dhaonlathach an Chongó

An 20 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/1518 maidir le beart cúnaimh chun tacú le Fórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC), le méid tagartha airgeadais EUR 20 milliún.

Tríd an mbeart cúnaimh sin, cuirfidh an tAontas trealamh bunúsach neamh-mharfach don duine aonair – fearais cománlach, fearais gharchabhrach agus éadaí, mar shampla – agus trealamh comhchoiteann – fearais in aghaidh Feistí Pléascacha Seiftithe, feithiclí agus raidiúnna, mar shampla – ar fáil don 31ú Briogáid Mhearfhreagartha de chuid Fhórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tacóidh an beart freisin le hathshlánú cheanncheathrú na briogáide in Kindu (cúige Maniema).

Tá an 31ú Briogáid Mhearfhreagartha sin gníomhach in oirthear Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus déanfaidh tacaíocht an Aontais cumas agus athléimneacht Fhórsaí Armtha Phoblacht Dhaonlathach an Chongó a neartú sa réigiún sin ina bhfuil breis agus céad grúpa armtha.

An cineál tacaíochta: trealamh aonair, amhail fearais ordaithe, fearais gharchabhrach agus éadaí, agus trealamh comhchoiteann, amhail fearais frith-IED, feithiclí agus raidiúnna.

### **1.2.8. Beinin**

An 25 Meán Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2062 maidir le beart cúnaimh chun tacú le Fórsaí Armtha Bheinin (FAB), le méid tagartha airgeadais EUR 11.75 milliún. Tríd an mbeart cúnaimh seo, cuirfidh an tAontas aerárthaí Faisnéise, Faireachais agus Taiscéalaíochta (ISR) agus Córais Aláirim Gan Foireann (UAS) ar fáil, lena n-áirítear páirteanna spártha agus oiliúint chothabhála. Díreoidh an beart go háirithe ar thacaíocht a thabhairt d'Oibríocht Mirador a imscaradh i dtuaisceart Bheinin ó 2022 i leith.

An 21 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1455 maidir leis an dara Beart Cúnaimh chun acmhainneachtaí Fhórsaí Armtha Bheinin a neartú le trealamh neamh-mharfach, le méid tagartha airgeadais EUR 25 mhilliún.

An 15 Iúil 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1980 maidir leis an tríú beart cúnaimh chun tacú le Fórsaí Armtha Bheinin le trealamh míleata atá ceapthachun fórsa marfach a thabhairt, le méid tagartha airgeadais EUR 5 mhilliún.

An cineál tacaíochta: aerárthaí faisnéise, faireachais agus taiscéalaíochta agus aerchórais gan foireann, lena n-áirítear páirteanna spártha agus oiliúint chothabhála, oiliúint cháilitheach do phiólótaí agus do dhróin, acmhainneachtaí leighis.

### **1.2.9. An Cósta Eabhair**

An 29 Aibreán 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/1248 maidir le beart cúnaimh chun tacú le Fórsaí Armtha an Chósta Eabhair.

Is é is aidhm don bheart cúnaimh cumais oibríochtúla Fhórsaí Armtha an Chósta Eabhair a neartú chun limistéir gar do theorainneacha talún a dhaingniú agus chun cur i gcoinne grúpaí armtha neamhstáit, atá ag díchobhsú na tíre agus réigiún iomlán na hAfraice Thiar.

An cineál tacaíochta: Cumais aerárthaí gan foireann, lena n-áirítear oiliúint agus trealamh oiliúna, dhá ionsamhlóir drón.

### **1.2.10. Beart Cúnaimh chun tacú le hArm Náisiúnta na Somáile le trealamh míleata atá ceaptha chun fórsa marfach a thabhairt**

An 27 Samhain 2023, d'fhormheas an Chomhairle beart cúnaimh chun tacú le hArm Náisiúnta na Somáile le trealamh míleata atá ceaptha chun fórsa marfach a thabhairt, le méid tagartha airgeadais EUR 1 mhilliún.

Is é cuspóir an bhirt cúnaimh acmhainneacht Arm Náisiúnta na Somáile a neartú chun oiliúint a fháil in Ionad Oiliúna an Ghinearáil Dhagabadan d'fhonn sábháilteacht agus slándáil a athbhunú sa tír, agus an pobal a chosaint. Tríd an mbeart cúnaimh sin, cuirfidh an tAontas armlón ar fáil nach n-úsáidfeadh ach amháin chun oiliúint a chur ar phearsanra Arm Náisiúnta na Somáile i gcomhar le EUTM Somalia.

An cineál tacaíochta: armlón chun críoch oiliúna.

### **1.2.11. Gníomhaithe míleata agus cabhlaigh na stát cósta a bhfuil baint acu le hoibríochtaí slándála muirí i Murascaill na Guine**

#### **1.2.11.1. Gána agus Camarún agus Ollstruchtúr Yaoundé**

An 27 Samhain 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/2682 maidir le beart cúnaimh chun tacú le gníomhaithe míleata agus cabhlaigh na Stát Cósta atá rannpháirteach in oibríochtaí slándála muirí i Murascaill na Guine, le méid tagartha airgeadais EUR 21 mhilliún.

